



An Scéim Deontais Oidhreachta Pobail 2027

Treoir maidir le Gníomhú ar son na hAeráide agus Teacht Aniar Aeráide

Seimineár Gréasáin Eolais d'Iarratasóirí
an 28 Meán Fómhair 2026 ag 12 meán lae

[Cláraigh anseo](#)



An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

larrtar ar gach tionscadal a fhaigheann maoiniú uainn a léiriú conas a cuireadh cúrsaí aeráide san áireamh. Ní constaic é seo, agus ní gá duit a bheith i do shaineolaí aeráide. Táimid ag iarraidh ort smaoineamh ar thrí rud, atá leagtha amach thíos, i gcomhréir le méid agus cineál do thionscadail. Tá sonraí maidir leis an gcaoi a gcuirtear gníomhú ar son na haeráide agus teacht aniar aeráide san áireamh le linn an phróisis measúnaithe leagtha amach i dtreoiríní na scéime.

Trí Cheist le Cur ort Féin

- An bhfuil athrú aeráide ag cur isteach ar an oidhreacht atá i gceist?
- An bhfeabhsóidh an tionscadal teacht aniar nó an laghdóidh sé baol amach anseo?
- Conas is féidir linn tionchar comhshaoil an tionscadail féin a íoslaghdú?

Bíodh d'fhreagra comhréireach. Má tá do thionscadal beag, is leor abairt nó dhó faoi gach ceannteideal, agus is fiú i bhfad níos mó dúinn cuntas gairid macánta ná cuntas áibhéalach. Ba cheart do thionscadal níos mó nó do thionscadal tógála eolas níos mionsonraithe a chur ar fáil. I gcás nach mbaineann teideal le do thionscadal, luaigh é sin go hachomair agus lean ar aghaidh.

An oidhreacht a chuireann an aeráid i mbaol

Má tá an oidhreacht a bhfuil tú ag obair léi neamhchosanta ar bhrúnna aeráide cosúil le tuilte, creimeadh cósta, damáiste de dheasca stoirmeacha nó taise aníos agus athruithe ar thaise an aeir, ainmnigh an brú atá i gceist agus luaigh conas a thabharfaidh do thionscadal aghaidh ar an tsaincheist sin.

Mar shampla: draenáil agus córais draenála uisce báistí ar fhoirgneamh ar a dtiteann báisteach throm a fheabhsú; suíomh cósta a thaifeadadh sula ndéanann creimeadh damáiste dó; bailiúchán a athlonnú amach ó stóráil atá tais nó atá i mbaol tuilte; nó gnáthóg a bhainistiú chun teacht aniar in aghaidh triomaigh a mhéadú.

Focal rabhaidh:

D'fhéadfadh roinnt freagraí a mbaineann dea-rún leo ar bhaol aeráide cúrsaí a dhéanamh níos measa. Tugtar mí-oiriúnú air seo: réiteach a mhéadaíonn an baol, a dhéanann dochar don timpeallacht níos leithne nó a chuireann an fhadhb ar aghaidh chuig duine eile nó a bhrúnn amach anseo í. I measc na samplaí coitianta d'obair oidhreachta tá:

- foirgneamh traidisiúnta inanalaithe a shéalú le rindreáil stroighne nó le péinteanna plaisteacha, rud a choinníonn taise istigh agus a chuireann dlús le meathlú an fhoirgnimh
- ballaí crua tuile a bhrúnn an t-uisce le sruth chuig maoin chomharsan
- crainn a chur ar thalamh phortaigh nó ar fhéarach atá saibhir ó thaobh speiceas de, áit a scaoileann cur isteach ar an ithir níos mó carbóin ná mar a stórálfadh na crainn, agus a dhéanann damáiste do ghnáthóga tábhachtacha sa phróiseas sin

Oibrigh le próisis nádúrtha seachas ina n-aghaidh, coinneigh deisiúcháin ar ábhar stairiúil inanalaithe agus iniompaithe, agus déan seiceáil nach gcruthaíonn do réiteach fadhb eile in áit eile ná ag tráth níos déanaí.

Conas is féidir leis an Oidhreacht Cur le Gníomhú ar son na hAeráide agus Teacht Aniar Aeráide

Laghdaíonn go leor tionscadail oidhreachta astaíochtaí nó neartaíonn siad teacht aniar, uaireanta gan an grúpa a bheith ar an eolas faoi sin. Má dhéanann do thionscadal amhlaidh, déan cur síos ar an méid a chuireann sé leis agus, más féidir, mínigh cén fáth a bhfuil sé tairbheach.

Scileanna traidisiúnta, ábhair agus deisiúchán:

Coinnítear an carbón atá corpraithe cheana féin in ábhar an fhoirgnimh trí fhoirgneamh a dheisiú agus a athúsáid, agus seachnaítear na hastaíochtaí a ghabhann le scartáil agus atógáil. Déantar aol a dhó ag teocht níos ísle ná stroighin agus athionsúnn sé cuid den dé-ocsaíd charbóin agus é ag éirí crua; tá cloch agus adhmaid íseal ó thaobh carbón corpraithe de, agus stóráilann adhmaid carbón agus é ag fás. Cuireann deisiúchán inanalaithe ‘macasamhail le macasamhail’ le saolré an fhoirgnimh a fhadú freisin. Tá comthairbhe ann freisin: soláthraíonn sceimhleacha agus bearnaí traidisiúnta spás neadaithe do ghabhláin ghaoithe, fáinleoga agus do sciatháin leathair, agus mar sin cuidíonn deisiúcháin a sheachnaíonn róshéalú an leis an mbithéagsúlacht chomh maith.

Gnáthóga agus cur:

Stóráilann athchóiriú nó bainistiú coillearnaí, bogach, fála sceach nó tailte féaraigh carbón i bplandaí agus in ithreacha, agus cuireann bogaigh agus ithreacha sláintiúla moill ar rith chun srutha agus maolaíonn siad tuilte áitiúla freisin. Is é an rud is tábhachtaí ná an cur a dhéanamh i gceart: speicis dhúchasacha de bhunadh áitiúil, na speicis chearta san áit cheart agus ón bhfoinse cheart. D’fhéadfadh an dochar a dhéanfaí mar gheall ar an speiceas mícheart, nó an áit mhícheart, níos mó dochair ná maitheasa a dhéanamh. Seachain múirín atá bunaithe ar mhóin, agus déan seiceáil nach bhfuil aon rud a thugann tú isteach ionrach.

Tionchar féin an tionscadail

Úsáideann gach tionscadal acmhainní de chineál éigin, mar sin baineann an ceannteideal seo le gach tionscadal. Inis dúinn conas atá do thionchar ar an gcomhshaol á choimeád chomh híseal agus is féidir.

Mar shampla:

- ábhair a athúsáid, a dheisiú nó a shábháil lena n-athúsáid seachas ábhair nua a cheannach
- ábhair agus seirbhísí a fháil go háitiúil agus taisteal a laghdú
- modhanna agus ábhair mharthanacha ísealcharbóin a roghnú
- dramhaíl a laghdú agus an méid atá fágtha a dhiúscairt go freagrach

Smaoinigh ar shaolré iomlán an mhéid a chruthaíonn tú, ní hamháin ar thréimhse an deontais. De ghnáth, is fearr roghanna marthanacha agus indeisithe ná roghanna níos saoire a chaithfear a athsholáthar go luath. Agus má fhágann do thionscadal rud éigin ag feidhmiú, cosúil le foirgneamh a bheith in úsáid arís, trealamh, téamh nó soilsiú, d’fhéadfadh an úsáid fuinnimh a bhainfidh leis thar na blianta a bheith níos mó ná lorg aonuaire na hoibre féin. Dá bhrí sin, roghnaigh roghanna éifeachtúla ísealfhuinnimh ar féidir iad a chothabháil seachas iad a chaitheamh amach.

Bíonn lorg comhshaoil ag tionscadail dhigiteacha agus digitithe freisin, go príomha mar gheall ar an trealamh a úsáidtear agus an fuinneamh a theastaíonn chun comhaid a stóráil agus a óstáil le himeacht ama. Mar sin, athúsáid an trealamh atá agat cheana féin nuair atá sé oiriúnach don obair.

Ní theastaíonn uainn ach cur síos soiléir, mar aon le cúpla figiúr simplí, nuair atá siad ar fáil agat. Nuair is féidir, cuir uimhir leis an méid atá á dhéanamh agat agus seiceáil é ina dhiaidh sin, ar bhealach atá comhréireach le scála an tionscadail. Léirítear sna trí shampla thíos an chuma a bhíonn air sin.

Trí shampla

Tionscadal bithéagsúlachta pobail beag. Táimid ag ligean do chuid d'fhaiche an tsráidbhaile fás go fada agus tá sí á gearradh uair sa bhliain, agus cúpla crann dúchasach de bhunadh áitiúil curtha againn feadh an imill. Is beag baol aeráide a bhaineann le bainistiú ar shuíomh cosúil lenár gceann féin, agus níl áibhéil á déanamh againn faoin méid a chuirimid leis: stóráil an féar níos faide agus na crainn méid beag carbóin agus, níos tábhachtaí fós, tacaíonn siad le pailneoirí agus le héin. Ní úsáidimid múirín móna, faighimid na crainn go háitiúil, agus déanfaimid taifead ar an méid a fheicimid tríd an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta.

Deisiúchán ar fhoirgneamh traidisiúnta, le foireann deartha. Titeann báisteach níos troime a iompraíonn an ghaoth ar an teach scoile ar a bhinn nochta, agus tá an rindreáil stroighne a cuireadh leis sna 1970idí tar éis taise a choinneáil istigh agus dlús a chur le meathlú an fhoirgnimh. Shonraigh ár bhfoireann deartha go mbainfí é, go gcuirfí rindreáil aoil inanálaithe ina áit, go ndeiseofaí na córais draenála uisce báistí agus go ndéanfaí poll súite in áit níos mó uisce a iompar trí phíopaí isteach i ndraein atá faoi bhrú cheana féin. Rinneamar machnamh ar dheisiúchán stroighne macasamhail le macasamhail, ach dhiúltaíomar dó ar na forais sin. Trí an ábhar atá ann cheana a choimeád agus a dheisiú, coimeádtar an carbón atá corpraithe ann agus seachnaítear na hastaíochtaí a ghabhann le hatógáil; coimeádann aol, cloch áitiúil agus adhmaid an obair nua ar bheagán carbóin. Táimid ag athúsáid sclátaí tarrtháilte, ag aimsiú ábhar laistigh den chontae, ag íoslaghdú dramhaíola agus coimeádamar na bearnaí sna sceimhleacha a úsáideann gabhláin ghaoithe neadaithe. Déanfaimid taifeadadh ar an méid den ábhar bunaidh a coimeádadh, ar an ábhar a athúsáideadh, ar na faid a thaistealaíonn soláthraithe agus ar léamha taise roimh an obair agus ina diaidh, agus déanfaimid seiceáil ar bhail an fhoirgnimh an geimhreadh dár gcionn.

Tionscadal digitithe agus staire béil pobail: Déanfaidh ár dtionscadal bailiúchán de ghrianghraif stairiúla a dhigitiú, déanfaidh sé an bailiúchán a chatalógú de réir caighdeáin aitheanta agus taifeadfaidh sé stair bhéil ó chónaitheoirí áitiúla. Tá roinnt den ábhar i mbaol meatha de bharr láimhseála agus dálaí timpeallachta. Cabhróidh an catalógú agus an digitiú leis an eolas seo a chaomhnú, le teacht uirthi a fheabhsú agus lena chinntiú gur féidir grianghraif, taifeadtaí agus ábhair eile a chuardach, a thuiscint agus a úsáid go héasca sa todhchaí. Athúsáidfimid an trealamh atá ann cheana nuair is oiriúnach é, íoslaghdóimid priontáil agus cinnteoidimid go stórálfar na comhaid dhigiteacha agus na taifid chatalóige go slán agus go leanfaidh siad de bheith inrochtana san fhadtárma.

An áit a dtiocfaidh tú ar chabhair

Fostaíonn d'údarás áitiúil gairmithe oidhreachta ar féidir leo comhairle a chur ort, Oifigeach Oidhreachta, Oifigeach Bithéagsúlachta, Oifigeach Caomhnaithe Ailtireachta nó Cartlannaí ina measc, agus is cuid de líonra Ceangal na Comhairle Oidhreachta iad formhór na ndaoine sin. Tosaigh le pé duine a chlúdaíonn do chontae, tá sonraí ar fáil ag heritagecouncil.ie.

Ní mór do bhearta aeráide ar struchtúr cosanta nó ar struchtúr stairiúil meas a léiriú ar thábhacht oidhreachta na háite, mar sin faigh comhairle maidir le caomhnú má tá amhras ort sula ndéanfaidh tú aon ghníomh. Ina theannta sin, níl stoc cuir dúchasach de bhunadh áitiúil ná ceardaithe a bhfuil scileanna acu in ábhair thraidisiúnta ar fáil ar an leibhéal céanna i ngach ceantar, mar sin déan seiceáil air sin sula gcríochnaíonn tú do phleananna.

Eolas breise

Mar choinníoll do mhaoiniú, caithfear imeacht i bpearsan a chur ar siúl i rith na Seachtaine Oidhreachta Náisiúnta do gach tionscadal. Leagtar amach i dTreoir na Comhairle Oidhreachta maidir le hlmeachtaí Inbhuanaithe bealaí praiticiúla chun d'imeacht féin a dhéanamh níos inbhuanaithe, iompar, dramhaíl, fuinneamh, uisce agus bithéagsúlacht san áireamh. Tá sé ar fáil ag heritageweek.ie.

Chun treoir a fháil maidir le deisiú foirgneamh traidisiúnta, ábhair agus scileanna, bithéagsúlacht agus oiriúnú don athrú aeráide, féach ar an mír Acmhainní ar shuíomh gréasáin na Comhairle Oidhreachta ag heritagecouncil.ie.

Scéalta faoi Oidhreachta Aeráide

Tá an Chomhairle Oidhreachta ag forbairt Scéalta faoi Oidhreachta Aeráide, tionscnamh nua chun fíorshamplaí a bhailiú agus a roinnt den bhealach atá tionscadail oidhreachta ag tabhairt aghaidh ar an athrú aeráide, i réimsí na hoidhreachta tógtha, na hoidhreachta nádúrtha agus na hoidhreachta cultúrtha. Má tá gné láidir aeráide ag do thionscadal agus dá mbeifeá sásta go ndéanfaí é a mheas mar chás-staidéar, inis dúinn faoi i d'iarratas nó déan teagmháil linn ag climate@heritagecouncil.ie.

Áras na hOidhreachta, Lána an Teampaill, Cill Chainnigh, Éire R95 X264
Áras na hOidhreachta, Church Lane, Kilkenny, Ireland R95 X264

Guthán: +353 56 777 0 777 | **Ríomhphost:** grants@heritagecouncil.ie

www.heritagecouncil.ie



An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council